

# Turgnamh Ceirtíní Tais



SCOILEANNA GLASA  
FAN SA BHAILE - UISCE



Má úsáideann tú ceirtíní tais, ní mór iad a chur sa bhosca bruscair tar éis úsáide. Má dhéantar iad a shruthlú síos an leithreas b'fhéidir go mbeadh bacainní i do theach agus sa líonra fuíolluisce. Féadann siad damáiste suntasach a dhéanamh sa chomhshaol freisin. Léirítear sa turgnamh thíos cén fáth a bhfuil sé maith go leor páipéar leithris a chur sa leithreas ach nach bhfuil sé maith go leor ceirtíní tais a chur sa leithreas.

**Am socraithe:** 10 nóiméad

**Am feithimh:** 3 nóiméad



**Céard atá ag teastáil uait?**

1. 2 x próca le clúdaigh
2. 5 x ceirtín tais, ceirtín aghaidhe nó ceirtín linbh \*
3. 20 x bileog pháipéar leithris \*

\* Ní gá na tomhais a bheith cruinn



## Cad atá le déanamh agat?

1. Cuir uisce sa dá phróca
2. Cuir páipéar leithris i bpróca amháin agus ceirtíní tais sa cheann eile
3. Bí cinnte go bhfuil na clúdaigh teann
4. Bain croitheadh as na prócaí
5. Féach an méid a tharlaíonn



## Ceisteanna

1. Ar briseadh síos an páipéar leithris? Ar briseadh síos na ceirtíní tais?
2. Cé acu a bhlocálann píopaí, dar leat?
3. Cad a tharlaíonn, dar leat, nuair a théann ceirtíní tais ó go leor leithris isteach i ngléasraí cóireála fuíolluisce?



Féach ar an bhfíseán seo chun leagan den turgnamh a fheiceáil ina ndéantar tástáil freisin ar thuáillí páipéir agus ar Chiarsúir pháipéir:  
<https://youtu.be/Vr409wrELKI>

Is é Clean Coasts a oibríonn an feachtas Think Before You Flush i gcomhar le hUisce Éireann – chun tuilleadh a fháil amach faoin bhfeachtas téigh chuig [www.thinkbeforeyouflush.org](http://www.thinkbeforeyouflush.org)